Plódú sna hOspidéil

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi phlódú in ospidéil na hÉireann. Cad atá ar eolas agat faoin scéal seo? Pléigh na tuairimí atá agat leis an duine in aice leat. Mura bhfuil sibh cinnte tugaigí buille faoi thuairim.

Ceist 2 Cén Ghaeilge atá ar na focail agus frásaí seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

- decline, alleviation
- the overcrowding problem
- the management
- in case of emergency
- emergency units
- medical procedure
- cancelled
- adjourned
- GP (General Practitioner)
- outbreak
- long-term approach

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 3 Anois, féach ar an tuairisc arís agus déan plé leis an duine in aice leat faoin méid a bhí le rá ag na daoine seo a leanas:

An tAire Sláinte, Leo Varadkar
An Comhairleoir Deirdre Heney (*elective* = roghnach)
An Dochtúir Niall Ó Cléirigh

Ceist 4 '…*go gcuireann*…'

1. Bain úsáid as na briathra seo thíos chun na rialacha a bhaineann leis an aimsir láithreach a mhíniú.

   Cuir
   Déan
   Ól
   Roghnaigh

2. Cum ceisteanna leis na briathra céanna anois agus cuir na ceisteanna sin ar an duine in aice leat.

Ceist 5 '…go bhfóire Dia orainn…'

1. An bhfuil an briathar *fóir* ar eolas agat? Mura bhfuil, téigh go dtí www.foclóir.ie chun a bhrí a aimsiú.
2. Conas a déarfá féin – *that suits you*?

3. Déan liosta leis an duine in aice leat, de na frásaí ar fad atá ar eolas agaibh, a bhfuil an focal ***Dia*** mar chuid díobh.
4. Cad a cheapann tú féin faoi fhrásaí a úsáid a bhfuil an focal ***Dia*** mar chuid díobh? Cén fáth?

Ceist 6 Bhí leaganacha eile de na frásaí seo thíos le cloisteáil sa mhír, cad iad?

nach mór: _____
nár cheart: _____
cuireann sé as dom: _____
ní mór dúinn: _____
dul chun spairne le: _____

Ceist 7 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Cén fáth a bhfuil fadhbanna plódaithe in ospidéil na hÉireann, dar leat?
2. Ar cheart go mbeadh árachas sláinte saor do chách, dar leat?
3. Conas mar atá an córas sláinte agus an t-árachas sláinte in Éirinn, dar leat, i gcomparáid le tíortha eile?

Treoracha agus Freagraí
Ceist 1
Is féidir gach beirt a chur ag plé na ceiste seo sula seinntear an tuairisc nó iad a chur ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Ceist 2
Is féidir an stór focal seo a phlé tar éis féachaint amháin.

decline, alleviation – *maolú*
the overcrowding problem – *fadhb an phlódaithe*
the management – *an bhainistíocht*
in case of emergency – *i gcás práinne*
emergency units – *aonaid éigeandála*
medical procedure – *gnáthamh leighis*
cancelled – *curtha ar ceal*
adjourned – *curtha ar athló*
GP (General Practitioner) – *dochtúir teaghlaigh*
outbreak – *ráig*
long-term approach – *cur chuige fadtréimhseach*

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4

Cuir Cuirim Cuireann tú/sé/sí Cuirimid Cuireann sibh Cuireann siad An gcuireann sé?	**Déan** Déanaim Déanann tú/sé/sí Déanaimid Déanann sibh Déanann siad An ndéanann sibh?
Ól Ólaim Ólann tú/sé/sí Ólaimid Ólann sibh Ólann siad An ólaimid?	**Roghnaigh** Roghnaím Roghnaíonn tú/sé/sí Roghnaímid Roghnaíonn sibh Roghnaíonn siad An roghnaíonn sí?

Ceist 5
1. www.foclóir.ie

fóir4, v.t. & i. (vn. ~ithint, pp. ~the). 1. Help, succour, relieve, save. ~ithint ar dhuine, to go to the aid of s.o. Duine a fhóirithint ar, ó, rud, to save s.o. from sth. Rud a fhóirithint, ~ithint ar rud, to relieve sth. Saor agus ~ sinn ó olc, deliver and save us from evil. D'fhóir sé ar íota iad, it relieved them from thirst. Go bhfóire Dia orainn, God help us. Go bhfóire Dia ar do chiall! God give you sense! How little you know! 2. (a) ~ do, agree with, suit, fit, become. D'fhóir an bia, an t-athrach, dúinn, the food, the change, agreed with us. ~eann an obair dom, the work suits me. Ní fhóireann na bróga dó, the shoes don't fit him. ~eann an gorm go breá di, the blue becomes her well. Má fhóireann sé duit fanacht againn, if it suits you to stay with us. Rinne sé mar

a d'fhóir dó féin, he suited himself. ~fidh sé tamall dom, it will serve me for a time. (b) ~fidh sé uair éigin, it will come in useful sometime. Ní fhóirfeadh sé fearg a chur orthu, it wouldn't do to anger them.
2. That suits you – *fóireann sé duit, oireann sé duit, feileann sé duit, tig sé duit, téann sé leat.*
3. Féach www.foclóir.ie.
4. Tuairimíocht atá i gceist.

Ceist 6

nach mór:	*beagnach*
nár cheart:	*nár chóir*
cuireann sé as dom:	*cuireann sé isteach orm*
ní mór dúinn:	*caithfidh muid*
dul chun spairne le:	*dul i ngleic le*

Ceist 7
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Dúirt an tAire Sláinte, Leo Varadkar, go gcreideann sé go dtiocfaidh maolú ar fhadhb an phlódaithe in Ospidéal Beaumont i mBaile Átha Cliath sna laethanta atá romhainn. Tá an bhainistíocht ag iarraidh ar dhaoine gan freastal ar an ospidéal, ach amháin i gcás práinne.

Caoimhe Ní Laighin
Dúirt an IMNO (Cumann Altraí agus Ban Cabhrach na hÉireann)[1] inniu go bhfuil beagnach ceithre chéad duine ag fanacht ar leaba in aonaid éigeandála ar fud na tíre. Tá tríocha trí duine ag fanacht in Ospidéal Beaumont. Tá sé ráite ag Ospidéal Beaumont go bhfuil gach gnáthamh leighis nach bhfuil práinn leis curtha ar ceal nó curtha ar athló go dtí dáta nach bhfuil socraithe go fóill. Inniu amháin mar shampla, tá ceithre chás déag curtha ar ceal. Deich gcás lae agus ceithre ghnáthamh leighis a bhí pleanáilte roimh ré.

An Comhairleoir Deirdre Heney, Fianna Fáil
De ghnáth ní éiríonn rudaí gnóthach go dtí tar éis na Nollag agus tá mé buartha chomh maith mar gheall ar dhaoine a bhí ag fanacht le fada[2] i gcomhair *elective surgery*.

Caoimhe Ní Laighin
Deir Beaumont chomh maith, nár chóir do dhochtúirí teaghlaigh moladh dá n-othair teacht isteach.

An Dochtúir Niall Ó Cléirigh
Bhuel, cinnte cuireann sé isteach orainn. Má tá seanduine nó éinne atá tinn go leor caithfidh muid iad a sheoladh isteach chuig an ospidéal, níl aon dul as. Agus is dócha gur uafásach an rud é go bhfuil an méid seo ag tarlú ag an am seo den bhliain nuair nach bhfuil ráig fliú sa chathair nó sa tír; agus má thagann ráig fliú i mbliana go bhfóire Dia orainn mar níl a fhios agam céard a tharlóidh, má tá an córas ospidéil chomh dona anois is atá.

Caoimhe Ní Laighin
Deir an tAire Sláinte, Leo Varadkar, gur chóir go dtiocfadh maolú ar an fhadhb sna laethanta atá amach romhainn, ach a dúirt sé, tá an fhadhb chéanna i gceist in ospidéil eile ar fud na tíre agus tá cur chuige fadtréimhseach ag teastáil chun dul i ngleic leis.

Caoimhe Ní Laighin, Nuacht TG4.

[1] *The Irish Nurses and Midwives' Organisation*
[2] *le haghaidh fada* a deirtear